

Ráiteas Príobháideachta

Tá an Ráiteas Príobháideachta seo á eisiúint ag an Údarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Cúirt Uíbh Eachach, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 (“NTA”, “muid”, “sinn” “ár”).

Is é is cuspóir leis an ráiteas seo tú a chur ar an eolas ar na sonraí a bhaileoidh agus a úsáidfídh NTA, mar rialaitheoir sonraí, i ndáil leis an láithreán gréasáin agus próiseas comhairliúcháin phoiblí seo, agus an úsáid (lena n-áirítear nochtuithe chuig tríú páirtithe) a bhainimid as sonraí dá leithéid. Níl an NTA freagrach as ábhar ná cleachtais phríobháideachta aon láithreán eile atá nasctha leis an láithreán seo.

Má tá aon cheist agat maidir leis an úsáid a bhainimid as do chuid sonraí pearsanta, déan teagmháil le info@nationaltransport.ie nó féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí ag privacy@nationaltransport.ie.

Sonraí Pearsanta a Bhailímid agus a Phróiseáilimid

D'fhéadfaí na sonraí pearsanta seo a leanas a bhailiú i ndáil leis an láithreán gréasáin agus an comhairliúchán poiblí seo;

- D'ainm agus sonraí teagmhála, lena n-áirítear do sheoladh, d'uimhir ghutháin agus do sheoladh ríomhphoist;
- Eolas a chuireann tú ar fáil in aon fhoirm aighneachta ar líne nó in aon aighneacht i scríbhinn (lena n-áirítear aighneachtaí leictreonacha); nó
- Aon sonraí pearsanta eile a bhaineann leat a chuireann tú ar fáil dúinn nó a chruthaímid fút i ndáil leis an úsáid a bhaineann tú as an láithreán gréasáin seo nó i ndáil le do rannpháirtíocht sa phróiseas seo.

Cuspóir na Próiseála agus Bunús Dlí

Bainimid úsáid as na sonraí pearsanta a bhaineann leat chun críocha:

- An phróiseáil agus bainistiú a dhéantar ar na haighneachtaí a fhaightear le linn an chomhairliúcháin phoiblí seo a éascú. Sannfar uimhir aitheantais uathúil d'aighneacht ar bith a bhfuil sonraí pearsanta iontu agus stórálfar iad i mbunachar sonraí chun críche bainistíochta tionscadail. Ní fhoilseofar aon sonraí pearsanta.
- Ár bhfeidhmeanna mar údarás poiblí a chomhlíonadh agus ár n-oibleagáidí dlí a chomhlíonadh.

Is iad na bunús dlí faoina bpróiseáilimid do chuid sonraí pearsanta ná:

- go bhfuil sé riachtanach chun tascanna a chuirimid i gcrích chun leasa an phobail a dhéanamh agus chun údarás oifigiúil a dhílsítear ionainn faoin dlí a fheidmiú faoi Alt 44(1)(c) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, arna leasú; agus
- go bhfuil riachtanas leis seo maidir le hoibleagáid dlí a bhaineann linn a chomhlíonadh.

Faighiteoirí Sonraí

D'fheadfaimis do chuid sonraí pearsanta a nochtadh le heagraíochtaí eile i ndáil leis na críocha thuas, lena n-áirítear:

- gníomhaireachtaí reachtúla, nuair a éilítear nó a cheadaítear sin faoin dlí mar chuid den phróiseas pleanála reachtaigh;
- tríú páirtithe eile a fhostaímid chun seirbhísí a chur ar fáil dúinn, mar soláthraithe seirbhísí seachfhoinsithe, soláthraithe seirbhísí TF, comhairleoirí gairmiúla agus iniúchóirí;
- údaráis phoiblí agus comhlachtaí eile mar an Garda Síochána, nuair a éilítear nó a cheadaítear sin de réir an dlí, chun críocha coiriúlacht a chosc, a imscrúdú nó a bhrath.

Coinneáil

Ní choinneoimid do chuid sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá. Coinneoimid do chuid sonraí pearsanta chomh fada agus is gá dúinn chun na gcríoch a gcuirtear síos orthu sa bhFógra seo nó chun na hoibleagáidí atá orainn faoin dlí is infheidhme a chomhlíonadh.

Tá sé socraithe ag an NTA:

- Nach ndéanfar sonraí pearsanta a stóráil ar feadh tréimhse nach faide ná cúig (5) bliana, agus go scriosfar iad i ndiaidh na tréimhse sin.

An Riachtanas Sonraí a Sholáthar

Níl sé d'oibleagáid ort sonraí pearsanta a chur ar fáil chun aighneacht a dhéanamh maidir leis an gcomhairliúchán poiblí seo.

Aistrithe Thar Lear

Ní aistrímid do chuid sonraí pearsanta lasmuigh den Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch.

Do Chearta

Tá na cearta seo a leanas agat, i gcúinsí áirithe agus faoi réir srianta áirithe, maidir le do chuid sonraí pearsanta:

- an ceart rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta;
- an ceart a iarraidh go ndéanfaí do chuid sonraí pearsanta a cheartú agus/nó a scriosadh
- an ceart srian a chur ar an úsáid a bhaintear as do chuid sonraí pearsanta;
- an ceart cur i gcoinne do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil; agus
- Más mian leat aon cheann de na cearta a leagtar amach thuas a fheidhmiú, déan teagmháil linn ag privacy@nationaltransport.ie.

Eolas a Nuashonrú

D'fhéadfadh go ndéanfaimis an polasaí a nuashonrú ó am go chéile. Iarraimid ort súil a chaitheamh ar an bpolasaí seo ó am go chéile chun an t-eolas is déanaí a fháil ar ár gcuid cleachtais phríobháideachta atá le fáil ag www.nationaltransport.ie

Gearáin

Sa chás nach bhfuil tú sásta leis an mbealach a bhfuilimid ag úsáid do chuid sonraí pearsanta ná mar a dhéanaimid do chearta a éascú nó mar atáimid ag comhlíonadh ár gcuid oibleagáidí faoin dlí cosanta sonraí is infheidhme, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí trí ríomhphost a sheoladh chuig info@dataprotection.ie.